

An Rialálaí  
Carthanas



**Do charthanas  
chosaint ar a  
gcibearchoireacht**

# Do charthanas a chosaint ar an gcibearchoireacht

Tá freagracht ar iontaobhaithe carthanais leasanna a n-eagraíochta agus sonraí íogaire a bhaineann lena n-eagraíocht nó le tacadóirí/tairbhithe a n-eagraíochta a chosaint.

Is féidir le hiontaobhaithe carthanais, le baill foirne agus le hoibrithe deonacha cuid mhór rudaí a dhéanamh chun a n-eagraíocht a chosaint ar an gcibearchoireacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

## Gléasanna agus bogearraí frithviris a choinneáil cothrom le dáta:

- > Déan cinnte de go bhfuil na bogearraí is déanaí suiteáilte ar do ghléasanna i ngach cás agus go bhfuil do ghléasanna faoi chosaint ar víris ach úsáid a bhaint as bogearraí sonracha lena ngabhann cosaint ar bhogearraí mailíseacha agus ar víris.
- > Cinntigh go bhfuil na córais oibriúcháin, na brabhsálaithe agus na haipeanna is déanaí suiteáilte ar ríomhairí agus gléasanna a nascann leis an Idirlíon.
- > Criptigh sonraí íogaire agus suiteáil glasáil chianda agus blocáil chianda/díothú cianda lena (h)úsáid i gcás go gcaillfear nó go ngoidfear do ghléas.
- > Déan cinnte de go socróidh tú do ghléasanna chun go nuashonróidh siad a gcóras oibriúcháin agus a gcosaint ar bhogearraí mailíseacha go huathoibríoch.

Mura bhfuil tú cinnte faoi conas is féidir leat a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil do ghléasanna agus do bhogearraí víris cothrom le dáta, téigh i dteagmháil le daoine eile laistigh de d'eagraíocht chun teacht ar dhuine ag a bhfuil na scileanna teicniúla a theastaíonn chun cabhrú leat; mura féidir leat é sin a dhéanamh, iarr cúnaimh teicneolaíochta faisnéise ó dhuine éigin lasmuigh de d'eagraíocht.

Beidh soláthraithe ríomhairí glúine, táibléad agus fón in ann comhairle a thabhairt duit maidir leis na nuashonruithe bogearraí a theastaíonn freisin.

## Socraigh pasfhocail láidre:

- > Cinntigh gur shocraigh tú pasfhocail láidre do do ghléasanna agus do do sheoladh ríomhphoist. Is pasfhocal láidir é pasfhocal atá fada agus ina bhfuil meascán randamach de litreacha cás uachtair, de litreacha cás íochtair, d'uimhreacha agus de charachtair. B'fhéarr go mbeadh idir 12 caractar agus 15 caractar ann
- > Athraigh pasfhocail go rialta agus ná comhroinn le daoine eile iad
- > Bain úsáid as pasfhocail dhifriúla do gach aip/suíomh Gréasáin

## Déan cinnte de go ndéantar cóipeanna cúltaca de do shonraí go rialta:

Bíonn cibearchoirpigh ag baint úsáid mhéadaitheach as bogearraí éirice chun insíothlú isteach i gcórais agus chun sonraí a ghlásáil síos. Iarrann siad íocaíocht ansin chun na sonraí a chur ar fáil arís.

Mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go mbíonn cóipeanna cúltaca á ndéanamh de do shonraí go rialta agus gur féidir iad a stóráil go héasca, nó murab eol duit cé atá freagrach as cóipeanna cúltaca a dhéanamh, seiceáil le daoine eile laistigh de d'eagraíocht chun a chinntiú go mbíonn an méid sin á dhéanamh. Mura mbíonn, déan cinnte de go gcuirfear próiseas i bhfeidhm láithreach chun a chinntiú go ndéanfar cóipeanna cúltaca de do shonraí go rialta. Mura féidir leat é sin a dhéanamh, déan iarracht an saineolas teicniúil a theastaíonn a fháil lasmuigh de d'eagraíocht.

Má tá do ghléas glasáilte le bogearraí éirice, iarr comhairle ghairmiúil ó fhoinse iontaofa.

## Bí ar d'fhaicill ar Fhioscaireacht:

Is é is fioscaireacht ann ná coir ina ndéanann duine éigin atá ag cur i gcéill gur institiúid dhlísteanach amhail banc, oifig rialtais nó eagraíocht iomráiteach é/í teagmháil le duine eile trí ríomhphost, thar an teileafón nó trí theachtaireacht téacs chun cur ina luí ar an duine sin, trí chleasaíocht, sonraí fogaire amhail faisnéis phearsanta, sonraí bainc, sonraí cárta creidmheasa, uimhreacha aitheantais pearsanta nó pasfhocail a thabhairt.

Bí an-chúramach le gach ríomhphost, glao teileafóin, glórphost agus teachtaireacht téacs a fhaigheann tú agus fíoraigh aitheantas an duine a bhfuil tú ag déileáil leis/léi. Mura bhfuil tú cinnte, téigh i dteagmháil leis an duine/an institiúid ar uaidh/uaithe a dúradh gur tháinig an chumarsáid. Bain úsáid as modh eile teagmhála ar dtús agus fíoraigh an fhoinsé ansin sula dtabharfaidh tú aon fhaisnéis phearsanta nó rúnda.

Tá sé an-tábhachtach cumarsáidí gan iarraidh a sheiceáil. Mar shampla, ní dhéanfaidh banc teagmháil leat thar an teileafón, trí ríomhphost nó trí theachtaireacht téacs in am ar bith chun iarraidh ort aon chineál faisnéise a dheimhniú faoi do chunta(i) s, faoi do shonraí pearsanta ná faoi shonraí do charthanas. Ní iarrfaidh sé ort cistí a aistriú idir do chuntais ach oiread.


Bí cúramach agus tú ag cliceáil ar naisc nó ag oscailt ceangaltán ó sheoltóirí seachtracha. Fiú amháin i gcás go n-aithníonn tú an seoltóir, féach ar an seoladh ríomhphost agus seiceáil é chun deimhin a dhéanamh de gur tháinig sé ón duine sin i

ndáiríre. Mar shampla, ní gá do chibearchoirpigh ach litir amháin i seoladh ríomhphost a aithníonn tú a athrú chun iarraidh a dhéanamh a chur ina luí ort gur tháinig an ríomhphost ó fhoinsé dhlísteanach.

Ach amháin i gcás go bhfuil tú ag súil le teachtaireacht ina bhfuil ceangaltán nó naisc agus go bhfaigheann tú teachtaireachtaí den sórt sin ón seoltóir go minic, níor cheart duit, tríd is tríd, cliceáil ar cheangaltán ná ar nasc in am ar bith.

Tá sé an-tábhachtach teachtaireachtaí gan iarraidh a sheiceáil, fiú amháin i gcás gur cosúil gur tháinig siad ó fhoinsé dhlísteanach. Fiú amháin i gcás go n-aithníonn tú an seoltóir, bí san airdeall agus déan seiceáil mura bhfuil sé mínithe sa teachtaireacht cad atá sa cheangaltán nó mura bhfuil ainm an cheangaltáin nó an naisc ag teacht le hábhar na teachtaireachta. Ná déan dearmad ar an mbunphrionsabal: más cosúil go bhfuil rud éigin rómháith le bheith fíor, is dóigh nach bhfuil sé fíor. Mar sin, tóg do chuid ama agus déan do chuid tairghe sula n-aontóidh tú le rud ar bith.

Léirítear sa seat den scáileán thíos sampla iarbhír de theachtaireacht fioscaireachta ina bhfuil naisc agus ceangaltáin. Seoladh an ríomhphost seo chuig baill d'fhórsaí cosanta na Stát Aontaithe. Cé go n-airbheartaíonn an ríomhphost gur rabhadh é, is amhlaidh go bhfuil sé bréagach. Uaireanta, úsáidtear lógónna de chuid cuideachtaí iomráiteacha amhail bainc, cuideachtaí árachais agus soláthraithe Idirlín i ríomhphost den sórt seo. Tabhair faoi deara go bhfuil lógó, síniú agus nasc ann sa ríomhphost bréagach seo.



## Bain úsáid as nasc slán líonra i ngach cás:

Agus tú ag obair go cianda, ná bain úsáid as nasc poiblí Wi-Fi in am ar bith, e.g. Wi-Fi a thairgtear ar an iompar poiblí, i gcaiféanna, in aerfoirt, etc. Ná bain úsáid ach oiread as nasc Wi-Fi nach n-iarrann ort logáil isteach ann nó dul faoi scagadh sular féidir leat é a rochtain.

## Cuir as aimsiú líonra agus comhroinnt fillteán\*

Tá aimsiú líonra ina shocrú a chinneann cé acu is féidir nó nach féidir le do ríomhaire nó do ghléas ríomhairí agus gléasanna eile ar an líonra a aimsiú agus cé acu is féidir nó nach féidir le ríomhairí eile ar an líonra do ríomhaire a aimsiú. Ciallaíonn comhroinnt fillteán (nó comhroinnt comhad) go n-aithníonn do ríomhaire nó do ghléas gléasanna eile ar an líonra - amhail ríomhairí agus printéirí - agus go gcomhroinneann sé na sonraí uile atá sna fillteáin iomchuí leo. I bhformhór na gcásanna, is féidir na roghanna sin a aimsiú faoin teideal ‘Líonra agus Comhroinnt’ ar an bpainéal rialaithe nó faoin íocón ‘Socruithe’ ar do ghléas.

Agus tú ag nascadh le líonra nua, cuirfear ceist cosúil leis an gceann seo a leanas ort: *‘An bhfuil fonn ort ríomhairí pearsanta, gléasanna agus inneachar a aimsiú ar an líonra seo agus nascadh go huathoibríoch le gléasanna amhail printéirí?’*

Ba cheart duit a chur in iúl nach bhfuil fonn ort an méid sin a dhéanamh, agus an rogha iomchuí á roghnú agat.

\*Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú a dhéantar ar na socruithe ar do líonra nó do ghléas difear a dhéanamh don rochtain atá agat ar chórais chomhroinnte agus sonraí comhroinnte laistigh de d’eagraíocht. Mar sin, seiceáil le do chomhghleacaithe nó le soláthraí teicneolaíochta faisnéise d’eagraíochta sula ndéanfaidh tú aon

athruithe.

## Trí phointe dheireanacha:

- Déan breithniú ar oiliúint a chur ar iontaobhaithe carthanais, baill foirne agus oibrithe deonacha chun a chinntiú go mbeidh siad in ann an chibearchoireacht a shainaithint agus bearta a dhéanamh chun an carthanas a chosaint uirthi.
- Ná déan dearmad go bhfuil feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na sonraí pearsanta uile á bpróiseáil. Nuair is gá, déan bearta breise chun a chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta a phróiseáiltear go cianda gach pioc chomh slán agus atá siad agus iad á bpróiseáil i do thimpeallacht oifige.
- Má cheapann tú go ndearnadh cibearchoir in aghaidh do charthanais, tuairiscigh an méid sin don Gharda Síochána.

## Féach na suíomhanna Gréasáin seo a leanas chun tuilleadh faisnéise, comhairle agus leideanna a fháil:

An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála  
[www.ncsc.gov.ie](http://www.ncsc.gov.ie)

An Coimisinéir Cosanta Sonraí  
[www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)

An Garda Síochána [www.garda.ie/en/Crime-Prevention/Fraud-Prevention-Brochure.pdf](http://www.garda.ie/en/Crime-Prevention/Fraud-Prevention-Brochure.pdf)

Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann  
<https://www.FraudSmart.ie>

**Uimhir Thagartha an Doiciméid SE GLS 8.2.1 024**

An Rialálaí Carthanas  
3 Duga Sheirse  
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta  
Baile Átha Cliath 1  
D01 X5X0  
Teileafón: 01 633 1500  
[www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)  
© An Rialálaí Carthanas 2020